



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Meitheamh 2023
(OR. en)

Comhad Idirinstiúideach:
2023/0165(COD)

10126/23
ADD 3

TRANS 221
MAR 80
OMI 47
CODEC 1016
IA 132
ILO 6

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	1 Meitheamh 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	SWD(2023) 149 final
Ábhar:	DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2009/16/CE maidir le rialú Stáit ar chalafoirt

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2023) 149 final.

Faoi iamh: SWD(2023) 149 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.6.2023
SWD(2023) 149 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN
ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ
TIONCHAIR**

a ghabhann leis an doiciméad

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
lena leasaítear Treoir 2009/16/CE maidir le rialú Stáit ar chalafoirt**

{COM(2023) 271 final} - {SEC(2023) 202 final} - {SWD(2023) 148 final}

Bileog Achoimre Feidhmiúcháin

Measúnú tionchair ar Thogra le haghaidh Athbheithniú ar Threoir 2009/16/CE maidir le rialú Stáit ar chalafoirt

A. An gá atá le beart

Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?

Leagtar amach i dTreoir 2009/16/CE córas an Aontais maidir le rialú Stáit ar chalafoirt (PSC), córas cigireachta a dhéanann cigirí ar longa faoi bhratach coigríche ina gcalafoirt, lena fhíorú go gcomhlíonann inniúlacht an chriú ar bord agus bail na loinge agus a trealaimh ceanglais na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta um shábháilteacht anama ar muir agus maidir le cosaint na muirthimpeallachta. Tá an Treoir bunaithe ar struchtúr idir-rialtasach deonach Mheabhrán Comhthuisceana Pháras (MC Pháras) atá ann cheana.

Bhí an Treoir ina hábhar do mheastóireacht ex post agus do Sheiceáil Oiriúnachta Muirí (in éineacht le píosáí eile de reachtaíocht an Aontais) in 2018. Sainithníodh roinnt saincheisteanna mar shaincheisteanna fadhbacha: (1) níl ceanglais reatha an Aontais ag teacht le rialacha/nósanna imeachta éigeantacha idirnáisiúnta nua (an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta – IMO, agus Meabhrán Comhthuisceana Pháras); (2) níl feidhm ag ceanglais reatha an Aontais maidir le soithí iascaireachta (3) dáileadh míchothrom cigireachtaí ar fud an Aontais; (4) níl an sásra a úsáidtear chun longa a roghnú ar a ndéanfar cigireacht cothrom le dáta; (5) róbhraith ar dheimhniú ar páipéar agus (6) nósanna imeachta agus acmhainní neamhleora agus dolúbtha.

Cheal ghníomhaíocht AE, oibreoidh na Ballstáit ar bhealach neamh-chomhordaithe agus neamh-chomhchuibhithe.

Cad é ba cheart a bhaint amach?

Féachtar leis an tionscnamh seo an t-ardleibhéal sábháilteachta muirí agus cosanta ar thruailliú a áirithiú agus a fheabhsú ar fud an Aontais.

Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?

Feidhmítear loingseoireacht mar ghnó idirnáisiúnta rialálte ag na cásanna domhanda chomh maith le cásanna réigiúnacha agus náisiúnta. Baineann gné láidir thrasteorann leis an loingseoireacht.

B. Réitigh

Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil an rogha ab fhearr ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth nach bhfuil?

Forbraíodh trí rogha beartais. Is í rogha beartais B an rogha ab fhearr. Déantar foráil leis an rogha sin maidir le córas deonach PSC a fhorbairt le haghaidh soithí iascaireachta níos mó i gcomhar le Meabhrán Comhthuisceana Pháras. Spreagtar leis freisin deimhniú reachtúla leictreonacha a ghlacadh agus a úsáid. Moltar le rogha beartais B réitigh reachtacha ar fhadhbanna a bhaineann le cigireacht agus le bailíochtú.

Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla? Cé hiad na páirtithe leasmhara éagsúla agus cad iad na bearta is rogha leo?

Faightear tacaíocht do rogha beartais B ó riaracháin náisiúnta PSC mar go n-éascaítear léi córas PSC a fhorbairt le haghaidh soithí iascaireachta atá ar aon dul leis an méid a tharla le Meabhrán Comhthuisceana Pháras. Tá tionscal na hiascaireachta i bhfabhar caighdeán sábháilteachta a fhorfheidhmiú den chuid is mó ach b'fhearr leis dá ndaingneadh Ballstáit an Aontais na coinbhinsiúin idirnáisiúnta ábhartha.

C. Tionchar na rogha ab fhearr

Cad iad na tairbhí a bhaineann leis an rogha ab fhearr (más ann di, agus murab ann, cad iad tairbhí na bpríomhroghanna)?

Déantar **tionchair shoचाíocha** a mheasúnú den chuid is mó i dtéarmaí tionchair na roghanna beartais ar shábháilteacht muirí thar an tréimhse 2025-2050 i gcomhthéacs daoine a sábháil agus gortuithe a seachnaíodh agus chosaint an chomhshaoil. Meastar gurb é an toradh a bheidh ar an rogha ab fhearr go sábhálfar 6 dhuine agus go seachnófar 61 ghortú, go sábhálfar thart ar EUR 35 mhilliún agus go gcuirfear cosc ar chailliúint 75 thona d'ola umair ar muir. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, toisc go bhfuil tionchair PSC indíreach, trí na cigireachtaí agus a n-obair leantach, go bhfuil éiginnteacht mhór i gceist maidir leis na meastacháin.

Maidir leis na **húdaráis PSC**, táthar ag súil go sábhálfar costais forfheidhmiúcháin dar luach EUR 8.4 milliún mar thoradh ar an rogha beartais ab fhearr, arna shloinneadh mar luach reatha thar 2025-2050, mar gheall ar

bhearta lena spreagtar deimhnithe reachtúla leictreonacha a ghlacadh agus a úsáid.

Maidir le **hoibreoirí loinge**, meastar go sábhálfar costais riaracháin dar luach EUR 5.5 milliún mar thoradh ar an rogha beartais ab fhearr. Eascraíonn coigilteas costas riaracháin as deireadh a chur leis an oibleagáid um thuairisciú 72 uair an chloig roimh ré d'oibreoir, do ghníomhaire nó do mháistir loinge atá incháilithe i leith cigireacht mhéadaithe.

Cad iad costais na rogha ab fhearr (más ann dóibh, agus murab ann dóibh, cad iad na príomhchostais)?

Is iad na **húdaráis PSC** is mó a chaithfidh costais bhreise a íoc, agus meastar go mbeidh EUR 17.9 milliún mar luach reatha thar 2025-2050 i gceist leis na costais bhreise sin. Agus coigilteas na gcostas forfheidhmiúcháin á bhreithniú, áfach, meastar go mbeidh EUR 9.5 milliún i gceist leis na glanchostais. Beidh costais choigeartaithe ann freisin **d'údaráis Stáit** brataí maidir le deimhnithe leictreonacha a thabhairt isteach. Is ionann na méideanna sin agus EUR 0.22 milliún in aghaidh na bliana le haghaidh na n-údaráis Stáit brataí ar fad le chéile. Ina theannta sin, táthar ag súil le costais infheistíochta aon uaire de EUR 1 mhilliún in 2025. Meastar gur EUR 4.8 milliún a bheidh i gceist leis na costais iomlána d'údaráis Stáit brataí.

Maidir le **EMSA**, meastar gur EUR 6.5 milliún a bheidh i gceist leis na costais choigeartaithe don rogha beartais ab fhearr. Mar thoradh ar an rogha beartais ab fhearr tiocfaidh méadú EUR 0.7 milliún ar na costais forfheidhmiúcháin le haghaidh **oibreoirí loinge** a ndéantar róchúiteamh orthu mar gheall ar choigilteas costais riaracháin dar luach EUR 4.8 milliún.

Cén tionchar a imreofaí ar FBManna agus ar an iomaíochas?

Tá an síneadh atá beartaithe ar an Treoir maidir le soithí iascaireachta níos mó sa rogha beartais ab fhearr 'ábhartha' do FBManna. Meastar gurb ionann na costais forfheidhmiúcháin bhreise le haghaidh oibreoirí soithí iascaireachta agus (EUR 0.03 milliún in 2030 agus EUR 0.05 milliún in 2050) ach beidh tionchar dearfach acu ó thaobh sábháilteachta de d'oibreoirí soithí iascaireachta.

An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?

Chomh maith leis na glanchostais d'údaráis PSC, atá measta ag EUR 9.5 milliún sa rogha beartais ab fhearr i gcoibhneas leis an mbonnlíne, beidh costais choigeartaithe dar luach 4.8 milliún ann do Stáit bhrataí le haghaidh deimhnithe leictreonacha.

An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?

Ós rud é go gcoimeádfar an t-ardleibhéal sábháilteachta céanna ar fud an Aontais, beidh tionchar dearfach ar an margadh inmheánach agus ar an iomaíochas.

Comhréireacht

Ní théann an rogha beartais ab fhearr thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí beartais foriomlána a bhaint amach.

D. Obair leantach

Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?

Déanfar athbhreithniú ar an mbeartas i ndiaidh tréimhse leordhóthanach tar éis an togra a ghlacadh chun go mbeidh na bearta éifeachtach agus chun go dtiocfaidh tionchair astu. Fíoróidh an Coimisiún/EMSA go bhfuil cigireachtaí á ndéanamh de réir mar is gá agus go ndéanfar na tuarascálacha a uaslódáil ar an mbunachar sonraí. Leanfaidh EMSA le cuairteanna a thabhairt ar na Ballstáit. Beidh anailísí cothrománacha mar thoradh air sin.